

Iarratas Trú Páirtí chuig an RTB ar shonraí seoladh tiarna talún

Tabhair faoi deara nach mór an t-iarratas thíos a chomhlánú **go hiomlán** i mbloclitreacha nó é a chló

- Ní mór an t-iarratas a shíniú agus é a chur sa phost chuig an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe. Ní ghlactar le hiarratais ghutháin nó ríomhphoist.
- Ní mór don **duine** a bhfuil drochthionchar agus tionchar díreach á imirt ag an iompar líomhnaithe orthu, i.e. seachas ionadaí nó coiste cónaitheoirí an t-iarratas a dhéanamh.
- Déanfaidh an RTB breithniú ar an iarratas agus tabharfaidh siad freagra i scríbhinn i litir ar an iarratas sin. Ní féidir leis an RTB sonraí seoladh tiarna talún a chur ar fáil mura bhfuil tionóntacht cláraithe agus cuirfidh siad tús le nósanna imeachta um fhorfheidhmiú clárúcháin. Féadtar a sheiceáil cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil tionóntacht cláraithe ar an gclár foilsithe ag www.rtb.ie.
- Ní nochtfar an fhaisnéis ar an bhfoirm seo don tiarna talún nó don tionónta/do na tionóntaí. I gcás iarratais ag trú páirtí ar Réiteach Díospóide ina dhiaidh seo, áfach, déanfar an fhoirm iarratais ar Dhíospóid (lena n-áirítear ainm an iarratasóra, seachas an seoladh) agus gach fianaise cháipéisíochta a chóipeáil ina n-iomláine don tiarna talún agus don tionónta/do na tionóntaí a dtabharfar cuireadh dóibh freastal ar Éisteacht an Réitigh Dhíospóide.

1. Ainm an iarratasóra trú páirtí:

2. Seoladh baile an iarratasóra trú páirtí:

3. Uimhir ghutháin an iarratasóra trú páirtí:

4. Seoladh na háite cónaithe ar cíos:

5. Tabhair sonraí, le do thoil, ar shárú líomhnaithe dhualgais an tionónta/na dtionóntaí faoi Alt 16 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (**téach Aguisín 1**) sa bhosca thíos agus sonraigh cén dualga(i)s faoin Acht a sáraíodh.

--

6. Sonraigh sa bhosca thíos (lena n-áirítear sonraí faoin bhfad idir maoin an iarratasóra agus an áit chónaithe), le do thoil, conas a imríonn teip dhíreach an tiarna talún chun dul i ngleic leis an sárú thuas tionchar díreach agus drochthionchar ar an iarratasóir. Sonraigh, chomh maith, le do thoil, gach iarracht a rinne tú go dtí seo chun teagmháil a dhéanamh leis na páirtithe ábhartha.

Deimhním go bhfuil an fhaisnéis thuas, a sholáthair mé, fíor agus cruinn agus geallaim nach n-úsáidfídh duine ar bith eile seachas mé féin aon sonraí teagmhála tiarna talún a sholáthraíonn an RTB dom faoi Alt 77(3) den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe ar mhaithe le hiarracht a dhéanamh teagmháil a dhéanamh le tiarna talún na háite cónaithe thuas d'fhonn na hábhair a shonraítear thuas a réiteach.

Sínithe:

Dáta:

Cuir an fhoirm seo sa phost go dtí: Iarratais ar Fhaisnéis Tríú Páirtí, An Rannóg Clárúcháin, an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe, Bosca PO 47, Cloich na Coillte, Contae Chorcaí